



Comhairle Contae **Lú**
Louth County Council

Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025 – 2029

Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998



Clár na nÁbha r

Cuid 1: Réamhrá	Leathanach
Cúlra.....	4
Cúlra Reachtach.....	6
Feidhmiú Clár Roimhe seo.....	8
Cuid 2: Ráiteas Beartais	
Soláthar Cóiríochta.....	10
Sábháilteacht Dóiteáin.....	12
Easpa Dídine.....	12
Bainistiú Eastáit.....	12
Teaghaisí Sealadacha.....	13
Cuid 3: Ráiteas Straitéise	
Údarás a Fheidhmiú.....	14
Cóiríocht a Sholáthar.....	14
Acmhainní a fháil don Chlár.....	14
Comhoibriú le Comhlachtaí Faofa Tithíochta.....	15
Leithdháileadh Cóiríochta.....	15
Easpa Dídine.....	16
Bainistiú Eastáit.....	16
Míchumas.....	17
Socruithe Monatóireachta.....	18
Cuid 4: Measúnú ar Riachtanais Chóiríochta	
Modheolaíocht Measúnaithe.....	19
Torthaí an Mheasúnaithe.....	21
Cuid 5: Bearta lena bhFeidhmiú	
Cóiríocht Chaighdeánach Tithíochta Sóisialta.....	27
Tithíocht Ghrúpa don Lucht Siúil.....	27
Cóiríocht Láithreáin Stad.....	28
Rochtain a Fháil ar Mhaoiniú.....	28
Láithreáin Dhíomuana.....	28
Tacaí Breise Cóiríochta.....	28
Cuid 6: Comhairliú	
Fógra Rúin.....	32
Coiste Áitiúil maidir le Cóiríocht don Lucht Siúil.....	33
Comhairliú Poiblí.....	33
Cuid 7: Tátal	35



Struchtúr an Chláir Chóiríochta don Lucht Siúil

Tá an clár roinnte ina sheacht gcuid agus inneachar gach coda rianaithe de réir mar atá thíos.

Cuid 1

Tugtar breac-chuntas sa chuid seo ar raon de na fíricí socheacnamaíocha maidir le Contae Lú mar aon leis an gcreatlach reachtach faoina rialaítear na ceanglais atá ar Údaráis Tithíochta Clár Cóiríochta don Lucht Siúil a fhorbairt. Tugtar breac-chuntas ann chomh maith ar an dul chun cinn faoin gclár roimhe seo.

Cuid 2

Leagtar amach sa chuid seo beartas Chomhairle Contae Lú maidir le freastal ar riachtanais cóiríochta an Lucht Siúil.

Cuid 3

Leagtar amach sa chuid seo an Ráiteas Straitéise ina dtugtar cuntas ar chur chuige Chomhairle Contae Lú ar mhaithe le feidhmiú an chláir.

Cuid 4

Tugtar cuntas sa chuid seo ar an measúnú ar an riachtanas atá ann le cóiríocht don Lucht Siúil agus a réamh-mheastar a bheith ann le linn shaolré an chláir.

Cuid 5

Tugtar mionsonraí sa chuid seo ar na bearta ar mhaithe le feidhmiú agus ar na tograí do na cúig bliana amach anseo.

Cuid 6

Tugtar cuntas sa chuid seo ar chuspóir an Choiste Áitiúil maidir le Cóiríocht don Lucht Siúil agus ar riachtanas an chomhairlithe agus ar an tábhacht a bhaineann leis.

Cuid 7

Tugtar cuntas sa chuid seo ar na tátail agus tugtar achoimre ann ar an gclár.



Cuid 1 - Réamhrá

Cúlra

Is é Contae Lú an contae is lú in Éirinn go geografach óir cuimsíonn sé achar de 826 ciliméadar cearnach. Tá sé de thréith aige mar chontae, áfach, go bhfuil sé suite go straitéiseach ar an gcósta thoir idir Béal Feirste agus Baile Átha Cliath, an dá chathair is príomha in Éirinn, thuaidh agus theas faoi seach. Leis an líonra bóithre agus mótarbhealaí tá rochtain ag an gcontae ar aerfoirt agus cathracha móra, agus tugtar deiseanna móra, ilghnéitheacha do chónaitheoirí de chineál geilleagrach, sóisialta agus cultúrtha. Dá bhrí sin, cruthaítear leis seo bonn láidir d'fhorbairt rathúil an chontae agus na bpríomhbhailte ann. Tá daonra de 139,703 ag Contae Lú de réir Dhaonáireamh 2022. I measc na lárionad tábhachtach daonra tá Droichead Átha, Dún Dealgan, mar aon le Baile Átha Fhirdhia, Dún Léire, Ceann Chlochair agus Cairlinn.

Meastar go bhfuil 445 líon tí de chuid an Lucht Siúil ina gcónaí i gContae Lú de réir áireamh bliantúil an údaráis áitiúil a rinneadh i Samhain 2023. Bhí 930 duine aonair den Lucht Siúil (489 díobh baineann agus 441 díobh fireann) i gContae Lú i nDaonáireamh 2022, i gcomparáid le 771 duine aonair in 2016. Is ceart a thabhairt faoi deara gur féidir nach dtuairiscítear líon iomlán an Lucht Siúil, mar nach nochtann an-chuid díobh a bhféiniúlacht ar eagla an idirdhealaithe. Bhí 32,949 duine den Lucht Siúil in Éirinn in 2022, i gcomparáid le 30,987 in 2016 (+6%). Áiríodh leo seo 16,777 baineannach agus 16,172 fireannach. Is ionann Lucht Siúil na hÉireann agus líon faoi bhun 1% den daonra agus mar sin, chun críche comparáide, is maith an chomhairle é rátaí i leith gach 1,000 den daonra a úsáid. Leirítear leis seo gurb amhlaidh i nDaonáireamh 2022 gur dhaoine de Lucht Siúil na hÉireann iad seisear as gach 1,000 duine sa Stát. Aibhsítear arís le Daonáireamh 2022 chomh maith gur ísle an t-ionchas meánach saoil atá ag Lucht Siúil na hÉireann ná mar atá ag an daonra i gcoitinne. Ba leanaí faoi bhun aois 15 36% de Lucht Siúil na hÉireann i gcomparáid le 20% den daonra iomlán. Ag leibhéal náisiúnta, bhí aois 65 agus os a chionn sin 15% den daonra iomlán, agus i gcás Lucht Siúil na hÉireann, ba é 5% an figiúr coibhéiseach.

De réir Dhaonáireamh 2022, thit an céatadán den Lucht Siúil a bhí pósta ó 49% in 2016 go 44% in 2022. Ba mhó an dóchúlacht go mbeadh fir de Lucht Siúil na hÉireann ceachtar acu singil (47%) nó pósta (46%) i gcomparáid le mná de Lucht Siúil na hÉireann (42% singil agus 42% pósta). Bhí tuairim is



10% as measc na mban de Lucht Siúil na hÉireann scartha óna bhfir céile nó colscartha i gcomparáid le 5% as measc na bhfear de Lucht Siúil na hÉireann. Ba mhó chomh maith an dóchúlacht go mbeadh mná de Lucht Siúil na hÉireann ina mbaintreacha (5%) i gcomparaid le 2% as measc na bhfear de Lucht Siúil na hÉireann. Bhí 15% den Lucht Siúil a raibh drochbhail ainsealach orthu den chuid is mó, beagnach dhá oiread an ráta i gcás an daonra iomláin a bhí cónaí de ghnáth orthu de réir Dhaonáireamh 2022. Bhí 29,900 duine de Lucht Siúil na hÉireann ann a raibh cónaí orthu i líonta tí príobháideacha i nDaonáireamh 2022. Bhí a bhformhór ina gcónaí i dtithíocht bhuan, agus bhí 2,286 duine ina gcónaí in aonaid shealadacha tithíochta ar nós carbhán agus tithe soghluaiste. Ba é an céatadán de Lucht Siúil na hÉireann i líonta tí príobháideacha a raibh cónaí orthu i gcarbháin, tithe soghluaiste nó cóiríocht shealadach eile ná 8% in 2022, thíos ó 12% in 2016.

De réir áireamh bliantúil an údaráis áitiúil do 2023 baineann formhór (86%) de líonta tí an Lucht Siúil i gContae Lú leas as cóiríocht bhuan i.e. tithíocht chaighdeánach sóisialta, Tithíocht Ghrúpa don Lucht Siúil, Cóiríocht Láithreáin Stad nó is úinéirí lonnaithe iad. Baineann 10% de na líonta tí leas as cóiríocht ar cíos go príobháideach agus tá 3% in aontíos lena dteaghlach nó lena gcairde. Cónaíonn 1% de na líonta tí i gcóiríocht/moil éigeandála do dhaoine gan dídean. Léirítear sa tábla thíos an staid cóiríochta reatha do líonta tí den Lucht Siúil:

Staid Cóiríochta Reatha (de réir an Lín Tí den Lucht Siúil)											
Dúiche	Tithíocht Shóisialta			Ar cíos go príobháideach			Úinéir áititheoir	Comhroinnt e áit chónaithe	Sealadach áit chónaithe	Gan dídean Aonad	Iomlán
	SS H	GH S	H S	Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)	R S	N/B					
MD Bhaile Átha Fhirdhia	9	2	0	0	0	0	4	0	0	0	15
BD Dhroichead Átha	43	5	0	4	0	0	4	3	0	2	61
MD Dhún Dealgan	213	12	8	33	0	6	82	10	0	5	369
Iomlán	265	19	8	37	0	6	90	13	0	7	445

Chomh fada is a bhaineann le Cóiríocht atá Sainiúil don Lucht Siúil, tá láithreán stad amháin i nDún Dealgan agus tá 5 Scéim Tithíochta Grúpa don Lucht Siúil (i nDroichead Átha, Dún Dealgan agus Dún Léire) i gContae Lú.

Is é Comhairle Contae Lú an t-údarás áitiúil singil do Chontae Lú. Ó cuireadh i bhfeidhm an tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, tá trí Cheantar Bardasach ag Contae Lú mar atá:



- Ceantar Bardasach Bhaile Átha Fhirdhia
- Ceantar Bardasach Bhuirg Dhroichead Átha
- Ceantar Bardasach Dhún Dealgan

Tá raon leathan seirbhísí ann a sholáthraíonn an t-údarás áitiúil lena n-áirítear soláthar tithíochta, dearadh & cothabháil bóithre, seirbhísí comhshaoil, pleanáil & forbairt, cur chun cinn forbartha geilleagraí & turasóireachta, leabharlanna & seirbhísí cultúrtha agus seirbhísí dóiteáin agus éigeandála. Leagtar amach i bPlean Forbartha Chontae Lú 2021-2027 straitéis fhoriomlán na Comhairle maidir le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe Chontae Lú i gcomhréir leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú). Is é an treoirphlean don forbairt i gContae Lú é agus is é an chreatlach uileghabhálach straitéiseach é don forbairt inbhuanaithe i dtéarmaí spásúla, sóisialta agus comhshaoil. Tairgtear ann treoir shoiléir maidir le beartais agus aidhmeanna inbhuanaithe forbartha thar raon ceisteanna lena n-áirítear, gan a bheith teoranta do: lonnú, pobail inbhuanaithe, gluaiseacht agus iompar, oidhreacht agus gníomhú ar son na haeráide.

Cúlra Reachtach

Tháinig Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998 i bhfeidhm ar an 10^ú Meán Fómhair 1998. Is é príomhaidhm an Achta ná creatlach chuimsitheach reachtach a sholáthar lena gceanglaítear ar údarais tithíochta freastal ar riachtanais cóiríochta daoine den Lucht Siúil a mbíonn cónaí orthu de ghnáth laistigh dá gceantair riaracháin. Comhlíonann forálacha an Achta páirt dhílis i gcur chun cinn an chuimsithe shóisialta agus an chomhionannais agus i ngníomhú in aghaidh an idirdhealaithe a fhéadtar a imirt ar dhaoine den Lucht Siúil.

Is mar seo a leanas achoimre de phríomhforálacha Acht 1998:

- Caithfidh gach údarás tithíochta clár do chóiríocht an Lucht Siúil ina gceantar a ullmhú agus glacadh leis.
- Feidhm fhorchoiméadta é glacadh le Clár. Sa chás, áfach, go manníonn na baill glacadh le Clár laistigh den fhráma ama sainithe, ceanglaítear ar an bPríomhfheidhmeannach glacadh le Clár trí mheán Ordaithe Príomhfheidhmeannaigh.
- Foráil a dhéanamh do phróiseas forleathan fógartha agus comhairliúcháin phoiblí maidir le hullmhú Clár Chóiríochta don Lucht Siúil.



- Ceangal ar údaráis tithíochta céimeanna réasúnta a chur uathu chun feidhmiú Clár Cóiríochta don Lucht Siúil a áirithiú.
- Foráil a dhéanamh do Choiste Áitiúil Comhairleach maidir le Cóiríocht don Lucht Siúil a bhunú chun dul i gcomhairle le daoine den Lucht Siúil a éascú.
- An ceangal atá ar údaráis áitiúla aidhmeanna maidir le cóiríocht don Lucht Siúil a chur san áireamh i bPleananna Forbartha Contae agus Cathrach agus i bPleananna Ceantair Áitiúil.

Tá ceangal mar sin ar Chomhairle Contae Lú Clár Cóiríochta nua don Lucht Siúil a ullmhú agus a ghlacadh agus tá ordaithe ag an Aire in Imlitir 46/2023 go mbeadh feidhm ag an gcéad Chlár Cóiríochta eile don Lucht Siúil i leith na tréimhse ó 1^ú Eanáir 2025 go 31^ú Nollaig 2029.

Leagtar amach sa tábla thíos achoimre de na príomhdhátaí agus na príomhghníomhartha agus aibhsítear go bhfuil an dáta 31^ú Nollaig 2024 sainithe ag an Aire mar an dáta is déanaí faoina gcaithfear glacadh leis an gclár cóiríochta.

Dáta	Gníomh
Nollaig 2023	Fógra 1 mhí a thabhairt do pháirtithe leasmhara roimh measúnú a dhéanamh ar an riachtanas.
Ean/Feabh 2024	Déan measúnú ar an riachtanas atá ann le cóiríocht don Lucht Siúil agus a réamh-mheastar a bheith ann le linn shaolré an chlár agus ar na cineálacha cóiríochta a theastaíonn
Márta/Aibreán 2024	Anailís ar thorthaí an mheasúnaithe riachtanais
Bealtaine/Meitheamh 2024	Ullmhú dréachta den Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil
1 ^ú Iúil 2024	Foilsigh fógra sna nuachtáin go bhfuil an dréachtchlár le fáil lena iniúchadh agus scaip an dréachtchlár ar na páirtithe leasmhara ar fad
30 ^ú Lúnasa 2024	An dáta is deireanaí chun aighneachtaí a fháil maidir leis an dréachtchlár
1 ^ú Deireadh Fómhair 2024	Cuirtear an dréachtchlár faoi bhráid bhaill na Comhairle lena ghlacadh (3 mhí roimh an dáta glactha is deireanaí i.e. 31/12/2024)
31^ú Nollaig 2024	An dáta is deireanaí do ghlacadh an chlár
21 ^ú Eanáir 2025	An dáta is deireanaí do chruinnithe Comhairle a chur ar athlár
21 ^ú Feabhra 2025	Má mhainníonn na baill thofa glacadh leis an gclár ceadaítear 1 mhí eile sula nglacann an Príomhfheidhmeannach an clár, de réir aon leasuithe a bheidh déanta air
Tar éis an ghlactha	Foilsíú agus cur an chlár arna ghlacadh faoi bhráid an Aire.
30 ^ú Meitheamh 2027	Ní mór athbhreithniú ar an 6 ^ú Clár Cóiríochta don Lucht Siúil a chur i gcrích tráth nach déanaí ná 30/06/2027.



Aithníonn Comhairle Contae Lú an t-aitheantas a tugadh i nDáil Éireann ar 1^ú Márta 2017 don Lucht Siúil mar ghrúpa eitneach ar leith laistigh den náisiún Éireannach. Aithníonn an Chomhairle chomh maith an tábhacht a bhaineann le dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara go léir nuair a bheifear ag forbairt agus ag glacadh leis an 6^ú Clár Cóiríochta don Lucht Siúil. Cuireann an Coiste Áitiúil maidir le Cóiríocht don Lucht Siúil (LTACC) fóram ar fáil i gcomhair comhairlithe agus comhoibríthe amach anseo leis an Lucht Siúil agus le grúpaí sainleasa an Lucht Siúil. Glacann comhaltaí an Choiste páirt san LTACC trí aird a thabhairt ar bheartas an Rialtais mar atá sé leagtha amach i ‘Values and Principles for Collaboration and Partnership, Working with the Community and Voluntary Sector’ in 2022. Aibhsítear sa doiciméad na luachanna agus na prionsabail atá mar bhonn agus mar thaca leis na caidrimh a theastaíonn ag gach leibhéal chun tacaíocht éifeachtach a thabhairt do phobail; iad siúd ach go háirithe is mó atá faoi mhíbhuntáiste agus is mó atá imeallaithe. Áirítear leis na luachanna seo ceartas sóisialta, pobail a chumhachtú, forbairt inbhuanaithe, rannpháirtíocht ghníomhach, cearta daonna, comhionannas agus frith-idirdhealú agus cuimsiú sóisialta. Áirítear leis na prionsabail a luadh urraim, comhréitiú, forfheidhmiú, coimhdeacht, luach ar airgead agus comhoibriú.

Tugann an Chomhairle faoi deara an oibleagáid dhlíthiúil atá air faoi alt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Faoi Dhualgas Comhionannais agus Cearta Daonna na hEanála Poiblí ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí an comhionannas a chur chun cinn, an t-idirdhealú a chosc agus na cearta daonna a chosaint a bhaineann lena fhoireann, lena chustaiméirí, leis na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí agus le gach duine a dtéann beartais agus pleananna an chomhlachta i gcion air. Chun croí-cheanglais an Dualgais a chomhlíonadh, ní mór don Chomhairle tabhairt faoi fhorbairtí agus gnóthachtálacha maidir le ceisteanna agus gníomhartha comhionannais agus cearta daonna, measúnú a dhéanamh orthu agus tuairisc a thabhairt orthu gach bliain i mbealach a bheidh inrochtana ag an bpobal. Tá an Chomhairle tiomanta dona chinntiú go gcuirtear an comhionannas chun cinn agus go gcuirtear cosc ar an idirdhealú in aghaidh an Lucht Siúil i bpleanáil, dearadh agus soláthar na seirbhísí cóiríochta. Áirítear leis seo dul i gcomhairle le pobail den Lucht Siúil, cinntiú go sásaítear riachtanais atá sainiúil don Lucht Siúil agus go n-urramaítear a gcearta mar ghrúpa eitneach mionlaigh, agus bearta a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar aon neamhionannais nó bacainní a bheadh ann.

Sonraíonn Alt 4(1) den Acht um Stádas Comhionann, 2000 go n-áirítear le hidirdhealú diúltú nó easnamh ag soláthraí seirbhíse gach ní réasúnach a dhéanamh chun freastal ar riachtanais duine faoi mhíchumas trí chóireáil nó áiseanna speisialta a sholáthar, más rud é go mbeadh sé dodhéanta nó ródheacair don duine leas a bhaint as an tseirbhís mura bhfuil cóireáil nó áiseanna speisialta den sórt sin ann. Ina theannta sin, forálann alt 6(1)c nach ndéanfaidh duine idirdhealú le linn cóiríochta, nó aon seirbhísí nó



taitneamhachtaí a bhaineann le cóiríocht, a sholáthar, nó scor de chóiríocht, nó d'aon seirbhísí nó taitneamhachtaí den sórt sin, a sholáthar.

Leagann an tAcht um Míchumas, 2005 dualgas reachtach ar sholáthróirí seirbhísí poiblí tacú le rochtain ar sheirbhísí agus ar shaoráidí do dhaoine faoi mhíchumas. Faoin Acht tá sé de cheart ag daoine faoi mhíchumas measúnú a fháil ar a gcuid riachtanas sláinte agus oideachais, ráitis seirbhíse aonair a fháil ina sonróaí na seirbhísí ar cheart dóibh leas a bhaint astu, rochtain a fháil ar nós imeachta neamhspleách gearán agus achomhairc, agus rochtain a fháil ar fhoirgnimh phoiblí agus ar fhostaíocht sa tseirbhís phoiblí.

Forfheidhmiú na gClár Roimhe Seo (2000 – 2024)

Áiríodh go príomha sa chéad chúig Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil soláthar tithíochta caighdeánaí sóisialta. Bíodh is gur áiríodh 29 aonad Tithíochta Ghrúpa don Lucht Siúil sna cláir roimhe seo níor soláthraíodh ach 10 (34%), agus 4 díobh ina n-aonaid athligthe. Is iad seo thíos na príomhfháthanna nach ndeachthas ar aghaidh leis na Scéimeanna Tithíochta Ghrúpa don Lucht Siúil a beartaíodh:

- bhí na tionóntaithe beartaithe tar éis an limistéar riaracháin a fhágáil.
- roghnaigh na tionóntaithe beartaithe rogha cóiríochta eile.
- diúltaíodh cead planála.

Táthar tar éis cóiríocht láithreáin stad a sholáthar trí na bána atá ann cheana i nDún Dealgan a athligean. Achoimrítear cur i bhfeidhm na gcéad chúig chlár sa tábla thíos:

Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2000 – 2024												
Clár	SSH			GHS			HS			Iomlán		
	Sprioc	Soláthartha	%	Sprioc	Soláthartha	%	Sprioc	Soláthartha	%	Sprioc	Soláthartha	%
2000 – 2004	33	46	139	13	2	15	4	3	75	50	51	102
2005 – 2008	58	46	79	4	2	50	3	3	100	65	51	78
2009 – 2013	66	60	91	6	4	67	5	3	60	77	67	87
2014 – 2018	58	75	129	0	0	0	0	14	0	58	89	153
2019 - 2024*	49	72	147	6	2	33	0	8	0	55	82	149
Iomlán	264	299	113	29	10	34	12	31	258	305	340	111

* 2005 - 2008 Is é an soláthar Scéime Grúpa Tithíochta ná aonaid i scéim atá ann cheana a athligean, seachas aonaid nua

*2019 - 2024 figiúirí de réir mar atá ar 01/05/2024. Cuireadh fad leis an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil go 31/12/2024

* 2019 - 2024 Is é an soláthar Scéime Grúpa Tithíochta ná aonaid i scéim atá ann cheana a athligean, seachas aonaid nua



I dteannta le tithíocht a sholáthar, cuireadh ar fáil 20 iasacht carbháin le linn na gcéad chúig chlár; 1 iasacht carbháin 2000 – 2004, 14 iasacht carbháin 2014 – 2018 agus 5 iasacht carbháin le linn 2019 – 2024.

Cuid 2: Ráiteas Beartais

Tá sé d'aidhm ag an gComhairle “to facilitate the provision of a high quality, suitable mix of adaptable, lifetime housing that meets the needs of all residents in the County; based on the principles of place making, compact growth, and healthy, sustainable communities where housing is close to services and where sustainable modes of transport can be facilitated” (Plean Forbartha an Chontae 2021 – 2027). Seasann an Chomhairle leis an daonlathas, an ionracas, an oscailteacht agus an chuntasacht, agus is den tábhacht é go mbeadh ionchur ann ó na daoine a chónaíonn, a oibríonn agus a dhéanann gnó i Lú chun a chinntiú go bhforbrófar fíis chomhchoiteann don chontae.

Tá sé d'aidhm ag Plean Forbartha an Chontae cóiríocht a aimsiú faoi Chláir Cóiríochta don Lucht Siúil le linn shaolré an phlean. Is í an aidhm fhoriomlán atá taobh thiar den bheartas tithíochta i Lú ná comhionannas a chur chun cinn agus cur ar chumas gach líon tí, áit a mbíonn riachtanas tithíochta léirithe, fáil a bheith acu ar áit chónaithe ar dheachaighdeán, i suíomh is rogha leo, sa mhéid gur féidir é.



Oibreofar an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025 – 2029 laistigh de chomhthéacs an bheartais chuí Rialtais, Tithíocht do Chách, An Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2019 – 2027, An Plean Aicsin maidir le ‘Roghanna Tithíochta don Phobal Scothaosta’, Tithíocht ar dTús (Straitéis don Easpa Dídine) agus an Straitéis Náisiúnta do Dhaoine Óga gan Dídean. Ag aithint dóibh fhéiniúlacht an Lucht Siúil mar ghrúpa eitneach dúchasach mionlaigh, soláthróidh an t-údarás áitiúil, laistigh de na hacmhainní atá ar fáil, cóiríocht oiriúnach don Lucht Siúil, ag brath ar a riachtanais agus ar a gcéadroghanna. Sa bPlean Aicsin do Sheachadadh na Tithíochta 2022 – 2026 tugann Comhairle Contae Lú cuntas ar a tiomantas do thithe nua a sholáthar faoi bheartas an Rialtais, leithdháiltí ar iarratasóirí as measc an Lucht Siúil san áireamh.

Tá an Chomhairle réamhghníomhach i gcónaí i seachadadh na tithíochta sóisialta, inacmhainne agus tá sí ag obair go dlúth leis n ranna éagsúla rialtais, gníomhaireachtaí, páirtithe leasmhara agus forbróirí i gcur chun cinn na dtionscadal.

Soláthar Cóiríochta

Éilítear ar iarratasóirí atá ag iarraidh cóiríochta sóisialta tithíochta, Cóiríocht atá Sainiúil don Lucht Siúil san áireamh, iarratais tithíochta agus doiciméid ábhartha a chur faoi bhráid de réir na Rialachán Tithíochta 2011. Má bhíonn tosca sainiúla nó míchumas ag baint leis an iarratasóir, machnóidh an Chomhairle ceisteanna dá leithéid nuair a bheidh siad ag measúnú an riachtanais le tithíocht. Tá sé mar bheartas ag an gComhairle dul i gcomhairle le hiarratasóirí as an Lucht Siúil maidir lena riachtanais cóiríochta chun Cóiríocht atá Sainiúil don Lucht Siúil a chur ar fáil áit is cuí. Is féidir, áfach, nach mbeidh sé seo ar fáil do gach iarratasóir i gcónaí agus dá bhrí sin déanfar roghanna eile a phlé agus a thairiscint. Cuirfidh an Chomhairle tithíocht shóisialta ar fáil d'iarratasóirí as an Lucht Siúil a bhfuil a riachtanas le tithíocht léirithe agus atá san áireamh ar liosta feithimh na Comhairle. Diúltóidh an Chomhairle cúnamh a chur ar fáil d'iarratasóirí a bhfuil cóiríocht leordhóthanach ar fáil dóibh i limistéar údaráis áitiúil eile.

Beidh an leithdháileadh sealúchas bunaithe ar Scéim Leithdháiltí na Comhairle, scéim ina n-áirítear soláthar teaghaisí don Lucht Siúil. Leagtar amach sa doiciméad beartais seo na tosaíochtaí agus na nósanna imeachta chun aonaid tithíochta sóisialta a leithdháileadh. Tugann sé cuntas ar an riachtanas atá ann le linn d'aonaid tithíochta bheith á leithdháileadh le cóimheá a bhaint amach idir riachtanais agus céadroghanna iarratasóirí, leas na dtionóntaí atá ann cheana agus leas an phobail i gcoitinne, agus an gá leis an tairbhe is fearr a bhaint as acmhainní a mhaoinítear go poiblí.



Tá raon iomlán de roghanna tithíochta le fáil sa soláthar cóiríochta don Lucht Siúil, ar a n-áirítear:

- Cóiríocht Chaighdeánach Tithíochta Sóisialta
- Tithíocht Ghrúpa don Lucht Siúil
- Cóiríocht Láithreáin Stad don Lucht Siúil
- Úinéireacht ar theach príobháideach
- Cóiríocht phríobháideach ar cíós le cúnamh ó ÍCT

Aithnítear leis an Straitéis Áitiúil Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022 – 2027 an ceart comhionann atá ag daoine faoi mhíchumas chun caighdeán leordhóthanach maireachtála sa phobal agus an ceart atá acu chun a n-áit chónaithe a roghnú agus chun a roghnú cén áit a gcónóidh siad agus cé lena gcónóidh siad. Aithníonn sé freisin an ceart atá ag daoine faoi mhíchumas chun saoirse cainte agus tuairimíochta, lena n-áirítear an tsaoirse chun eolas agus idéil a lorg, a fháil agus a chur in iúl ar bhonn comhionann le daoine eile.

Is é an aidhm atá ag an Straitéis Áitiúil Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas ná “facilitate access, for disabled people, to the appropriate range of housing *and related support services, delivered in an integrated and sustainable manner, which promotes equality of opportunity, individual choice and independent living*” (*Straitéis Áitiúil Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011 – 2016*).

Déanann Oibrithe Sóisialta na Comhairle athbhreithniú ar riachtanais tithíochta daoine den Lucht Siúil atá faoi mhíchumas agus atá ag iarraidh tithíocht shainiúil agus téann siad i gcomhairle le hiarratasóirí maidir lena rogha ceantair i gcomhair cóiríochta.

Sábháilteacht Dóiteáin

Tá bearta glactha ag an gComhairle chun sábháilteacht dóiteáin agus feasacht ar shábháilteacht dóiteáin a chothabháil ar láithreáin atá sainiúil don Lucht Siúil. Tá seirbhísí na n-oifigeach sábháilteachta dóiteáin laistigh den Chomhairle fruilthe chun cigireachtaí sábháilteachta dóiteáin a dhéanamh ar láithreáin atá sainiúil don Lucht Siúil. Soláthraíonn an Chomhairle trealamh ar a n-áirítear pluideanna dóiteáin agus brathadóirí deataigh do chónaitheoirí.

Easpa Dídine



Soláthraíonn Comhairle Contae Lú raon seirbhísí chun cúnamh le daoine atá cinnte mar dhaoine gan dídean de réir alt 2 d'Acht na dTithe, 1988. Tá na cineálacha cúnamh a sholáthraítear do dhaoine gan dídean de réir mar a shainmhínítear in Alt 10 d'Acht na dTithe, 1988. Tá raon de sheirbhísí tacaíochta agus coisc do dhaoine gan dídean ar bun. Féadann daoine den Lucht Siúil atá gan dídean rochtain ar na seirbhísí seo de réir mar a mhínítear in alt 3 den chlár.

Bainistiú eastáit

Nuair a bhíonn dea-bhail coinnithe ar an stoc tithe agus cuma thaitneamhach ar eastát tithíochta cuireann sé seo le caighdeán maireachtála agus le folláine shóisialta na dtionóntaí. Bainistítear stoc tithe na Comhairle ar fad, Cóiríocht atá Sainiúil don Lucht Siúil san áireamh, ar an mbonn céanna de réir *Ráiteas Beartais ar Bhainistíocht Tithe i gcomhair Stoc Tithe an Údaráis Áitiúil atá Ligthe ar Cíos*. Cuimsíonn an beartas na réimsí seo a leanas: Córais Bainistithe Tithíochta, Gafacht & Rannpháirtíocht na dTionóntaí, Cothabháil, Bainistiú Fócasaithe ar an Eastát, Ligean Teaghaisí ar Cíos, Cíosanna, An Comhaontú Tionóntachta agus Bainistiú Feidhmíochta.

Éilítear comhaontú tionóntachta ina leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha i gcomhair na dtionóntachtaí ar fad agus tá gach tionóntacht faoi réir ag íoc cíos difreálach. Ar mhaithe le leas na dtionóntaí ar fad a bhfuil cónaí orthu ar an láithreán nó ar an eastát, forfheidhmíonn an Chomhairle coinníollacha an chomhaontaithe tionóntachta. Tá sé de fhreagracht ar gach tionónta cinntiú go sásaítear téarmaí an chomhaontaithe tionóntachta ina n-iomláine. Tá sé ina chuid de bhainistiú eastáit chomh maith leas na dtionóntaí a chosaint chomh fada is a bhaineann le leas a bhaint as an teach, agus seachaint, cosc agus maolú iompraíochta frithshóisialta sna heastáit tithíochta. Oibríonn Comhairle Contae Lú Straitéis Iompraíochta Frithshóisialta chun dul i ngleic le hiompraíocht fhrithshóisialta atá ag teacht as teaghaisí agus eastáit i seilbh na Comhairle. Ní gnó don údarás áitiúil é iompraíocht fhrithshóisialta atá ag teacht as teaghaisí ar úinéireacht príobháideach nó as earnáil na dtionóntaí ar cíos príobháideach. Is ceart gearáin ina dtaobh seo a dhéanamh go díreach chuig an tiarna talún nó chuig An Garda Síochana.

Teaghaisí Sealadacha

Tá nós imeachta ar bun ag an gComhairle chun freagairt chomhordaithe a chinntiú, áit a sainiúitear teaghaisí sealadacha, de réir fhorálacha na reachtaíochta ábhartha mar is cuí:



- Alt 10 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992 mar a leasaíodh ag Alt 32 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998
- Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2002
- Ordú Cúirte Dúiche uimh. taifid 41E98
- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)
- An tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1948
- Acht na mBóithre, 1993
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994 (mar a leasaíodh)
- Public Health (Ireland) Act, 1878 mar a leasaíodh ag an Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992.

Ciallaíonn “teaghais shealadach” aon phuball, carbhán, teach soghluaiste, feithicil nó déanmhas nó ní eile (bíodh nó ná bíodh rothaí faoi) a fhéadfar a aistriú ó áit go háit, agus a úsáidtear nó a úsáideadh mar áit chónaithe do dhaoine, go buan nó ó am go ham, nó atá deartha, déanta nó oiriúnaithe lena húsáid amhlaidh. Ciallaíonn “áit phoiblí” aon sráid, bóthar nó áit eile ar a bhfuil rochtain ag an bpobal ó cheart nó le cead sainráite nó intuigthe agus sin faoi réir muirir nó saor ó mhuirear agus aon mhaoin nó talamh eile atá ar úinéireacht ag údarás poiblí nó a áitíonn siad nó atá ar léas chucu.

Déanfaidh Oifigeach ag an gComhairle iniúchadh ar thosca an lín tí sa teaghais shealadach agus glacfaidh an t-oifigeach sin beart cuí. I gContae Lú, faoin reachtaíocht Seirbhísí Sláintíochta, tá ceithre láthair ainmnithe mar láithreacha toirmeasctha i gcomhair a n-úsáide do theaghaisí sealadacha. Tá na láithreacha seo ag Bóthar Bhaile Átha Fhirdhia i gCollann, Crois Uí Dhálaigh i gCollann, Bóthar an Ráschúrsa i nDún Dealgan agus Baile an Rátha i nDroim Ineasclainn.

Cuid 3: Ráiteas Straitéise

Údarás Forfheidhmithe



Is é Comhairle Contae Lú an t-údarás forfheidhmithe don Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025 – 2029. Tá an rannóg tithíochta freagrach as cóiríocht oiriúnach, costas-éifeachtach ar ardchaighdeán a sholáthar agus as an gclár a chur i bhfeidhm. Cuireadh Straitéis Tithíochta le chéile mar chuid de Plean Forbartha na Comhairle don Chontae 2021 – 2027; de réir fhorálacha *Alt 94 den tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)*.

Soláthar Cóiríochta

Tá sé mar aidhm ag Comhairle Contae Lú cóiríocht a chur ar fáil a fhreagraíonn do riachtanais dhifriúla an Lucht Siúil ag baint úsáide dóibh as cineálacha éagsúla seachadta tithíochta sóisialta. Áirítear orthu seo soláthar díreach tríd an gclár caipitil agus trí cheannach ag an gComhairle agus Comhlachtaí Faofa Tithíochta, athligean aonaid fholmha, tithe arna bhfoinsiú trí oibleagáidí "Cuid V" forbróirí príobháideacha, tithe arna bhfoinsiú trí scéimeanna éagsúla léasaithe agus cóiríocht phríobháideach ar cíós arna tacú ag Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta. Tá sé mar aidhm ag Plean Aicsein do Sheachadadh Tithíochta na Comhairle 1357 aonad tithíochta sóisialta a sholáthar d'iaratasóirí a bheidh faofa do thithíocht shóisialta le linn na tréimhse 2022 - 2026. Féadann daoine den Lucht Siúil gur mian leo tabhairt faoina gcóiríocht fein a sholáthar rochtain ar thacaíochtaí ar nós iasachtaí tithíochta agus deontas.

Acmhainní a Fháil don Chlár

Tá seachadadh aonad tithíochta sóisialta faoi réir ag an leibhéal cuí maoinithe bheith curtha ar fáil ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Tá maoiniú ar fáil faoi láthair tríd an gClár Infheistíochta Caipitil don Tithíocht Shóisialta (SHCIP) a chuireann maoiniú ar fáil do thionscadail caipitil, ceannaigh ar a n-áirítear ceannaigh Chuid V agus ceannaigh faoi Ordú Ceannaigh Éigeantaigh.

Cuireann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta lánmaoiniú ar fáil do sholáthar agus athchóiriú cóiríochta atá Sainiúil don Lucht Siúil. Beidh seachadadh na scéimeanna nua Tithíochta Grúpa don Lucht Siúil agus athchóiriú na scéimeanna sa chlár seo cheana faoi réir ag maoiniú bheith ar fáil ón Roinn.

Beidh Comhairle Contae Lú i gcónaí i dteagmháil leis an Roinn chun maoiniú a aimsiú i gcomhair sholáthar na roghanna éagsúla tithíochta sóisialta.



Baineann an Chomhairle úsáid as saineolas a lucht foirne ar nós foireann teicniúil agus riaracháin, foireann airgeadais tithíochta, oifigigh measúnaithe, oifigigh teagmhála tionóntaí, oifigigh iniúchta iompraíochta frithshóisialta agus oibríthe sóisialta ar mhaithe le soláthar tithíochta, cothabháil agus bainistiú cóiríochta, de réir mar is gá.

Comhoibriú le Comhlachtaí Faofa Tithíochta

Tá caidreamh láidir oibre ag Comhairle Contae Lú le Comhlachtaí Faofa Tithíochta éagsúla a bhíonn ag obair sa chontae chun roghanna tithíochta sóisialta a sheachadadh. Seachadann na comhlachtaí faofa tithíochta tithíocht shóisialta, i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle, trí thionscadail caipitil, ceannaigh agus léasú agus maoinítear iad trí Clár Caiteachais Reatha don Tithíocht Shóisialta (SHCEP), Scéim Cúnaimh Caipitil (CAS) agus Áis Léasaithe Réamhíochta Caipitil (CALF).

Leithdháileadh Cóiríochta

Leithdháiltear cóiríocht tithíochta sóisialta de réir Scéim Leithdháiltí Chomhairle Contae Lú. Ainmníonn an Chomhairle iarratasóirí chomh maith as liosta tithíochta na Comhairle i gcomhair tionóntachtaí na gComhlachtaí Faofa Tithíochta.

Oibríonn Comhairle Contae Lú scéim **Ligean Roghabhunaithe (LRB)** chun cur ar chumas iarratasóirí intofa ar thithíocht deis chomhionann a bheith acu rogha agus gafacht níos leithne a chur i bhfeidhm agus iad ag roghnú áite nua cónaithe. Fógraítear formhór na sealúchas ag an gComhairle agus ag na Comhlachtaí Faofa Tithíochta ar shuíomh gréasáin Ligean Roghabhunaithe áit is féidir le hiarratasóirí amharc ar shealúchas agus suim a léiriú ann. Chun go mbreithneofar iad chun bheith mar thionónta ar shealúchas LRB, ní mór d'iarratasóirí suim a léiriú ar shuíomh gréasáin LRB. Admhaítear go bhfuil iarratasóirí ann nach bhfuil in ann úsáid a bhaint as an gcóras LRB mar gheall ar fháthanna éagsúla. Féadann foireann Seirbhíse Custaiméirí Chomhairle Contae Lú cúnaimh a thabhairt le húsáid LRB. Tá sealúchais áirithe, mar shampla, aonaid atá inrochtana do chathaoireacha rotha agus atá oiriúnaithe, cóiríocht ar an mbunurlár, roinnt teaghaisí do dhaoine aosta, agus roinnt aonad caighdeánach, forchoimeáda do dhaoine aosta nó daoine faoi mhíchumas agus ní fhógraítear ar LRB dá bhrí sin iad. Leithdháiltear na haonaid seo ar iarratasóirí tithíochta bunaithe ar a sainriachtanais. Leithdháiltear aonaid fholmha sna Scéimeanna Tithíochta Grúpa don Lucht Siúil atá ann cheana agus sna bána láithreáin Stad ar iarratasóirí intofa den Lucht Siúil bunaithe ar a sainriachtanais. Cuirtear ar fáil Scéimeanna Tithíochta



Grúpa don Lucht Siúil, laistigh d'acmhainní infhaighte na Comhairle, do dhaoine den Lucht Siúil a bhfuil iarrtha acu agus atá ag toiliú bheith sa chóiríocht chéanna.

I dteannta le hiarratasóirí a ainmniú faoin gClár Cóiríochta don Lucht Siúil do theaghaisí buana tithíochta sóisialta sa cheantar is rogha leo, measúnaíonn Oibrithe Sóisialta Chomhairle Contae Lú ó am go ham riachtanais agus céadroghanna iarratasóirí aonair den Lucht Siúil a bheadh tosca sainiúla nó míchumas ag baint leo agus a bheadh teaghaisí oiriúnaithe ag teastáil uathu. Féadann Oibrithe Sóisialta na Comhairle mar sin na hiarratasóirí seo den Lucht Siúil a ainmniú do leithdháileadh teaghaisí oiriúnacha, de réir na Scéime Leithdháiltí agus na Straitéise Áitiúla Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022 – 2027.

Easpa Dídine

Cuireann Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean na Comhairle raon tionscnamh coisc ar fáil ar a n-áirítear coimeád speisialaithe tionóntachtaí agus seirbhísí tacaíochta do dhaoine agus teaghlaigh atá i mbaol bheith gan dídean. Tá na seirbhísí seo tiomnaithe do fhreastal ar thosca aonair an chliaint. Cúnaíonn seirbhís aimsithe ionaid na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta (HAP) le cliaint gan dídean chun cóiríocht a fhoinsiú san earnáil phríobháideach ar cíós agus cuireann sé cúnamh airgeadais ar fáil nuair is gá sin.

I gcomhpháirtíocht le hearnáil na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha (NGO), soláthraíonn Comhairle Contae Lú Cóiríocht Shealadach Tacaithe (STA) do theaghlaigh agus daoine aonair gan dídean. Cuireann na seirbhísí seo tacaíochtaí oibre tábhachtacha ar fáil ar an láthair do na húsáideoirí ar fad. Fóirdheonaíonn an Chomhairle chomh maith úsaid cóiríochta phríobháideach éigeandála nuair is gá.

I gcomhréir leis an bPlean Forfheidhmithe Náisiúnta don Tithíocht ar dTús, soláthraíonn Comhairle Contae Lú, i gcomhar leis an FSS, réitigh fadtéarmacha tithíochta, mar aon le diantacaíochtaí uileghabhálacha, dóibh siúd atá gan dídean go fadtéarmach. Is é Comhairle Contae Lú an t-údarás ceannasach sa réigiún Thoir Thuaidh agus is é an soláthróir seirbhíse réigiúnach Tithíocht ar dTús faoi chonradh ná Peter McVerry Trust.

Bainistiú eastáit

Gné bhunúsach de phrionsabail an bhainistithe eastáit an chothabháil. Tá an Chomhairle freagrach as na hoibreacha cothabhála a theastaíonn chun príomhdhéanmhas an tsealúchais a choimeád, mar shampla,



deisiúcháin struchtúracha, pluiméireachta, leictreacha agus téimh agus as cuid d'infreastruchtúr an eastáit, mar shampla, bóithre inmheánacha, cosáin agus pasáistí. Déantar an chothabháil trí chothabháil fhrithghníomhach agus trí chothabháil phleanáilte. Táthar ag súil go dtabharfaidh tionóntaí aire don réadmhaoin agus de na gairdíní agus go mbeidh siad freagrach as miondeisiúcháin ó lá go lá.

Cé go bhfuil an phríomhfhreagracht ar an gComhairle as cothabháil agus bainistiú a stoc tithíochta agus eastáit, spreagtar tionóntaí na Comhairle chun braistint úinéireachta a fhorbairt agus nuair is féidir a bheith rannpháirteach go gníomhach i mbainistíocht eastát trí choistí cónaitheoirí. Is féidir le rannpháirtíocht rathúil na dtionóntaí feabhsuithe ollmhóra a dhéanamh ar cháilíocht na beatha do chónaitheoirí eastáit tithíochta údaráis áitiúil agus is féidir leis cabhrú le meath ar eastát a chosc. Tá sé de chúram ar oifigigh idirchaidrimh tionóntaí na Comhairle an caidreamh idir an tionónta agus an tiarna talún a bhainistiú, agus rannpháirtíocht na dtionóntaí a fheabhsú.

Fostaíonn Comhairle Contae Lú Oifigeach Imscrúdaithe Iompraíochta Frithshóisialta chun gearáin faoi iompar frithshóisialta a thagann as áitribh agus eastáit faoi úinéireacht na Comhairle a fhiosrú agus chun aghaidh a thabhairt ar eachtraí iompair fhrithshóisialta. Comhoibríonn Comhairle Contae Lú freisin leis an nGarda Síochána agus le gníomhaireachtaí eile chun aghaidh a thabhairt ar iompar frithshóisialta.

Ríomhtar cíosanna ar bhonn scéime cíosanna difreálacha ag cur ioncam iomlán an teaghlaigh agus comhdhéanamh an teaghlaigh san áireamh. Spreagtar tionóntaí úsáid a bhaint as Asbhaint Buiséid Teaghlaigh, Buanordú Bainc, Dochar Díreach, nó Cárta Íocaíochta An Post mar mhodh íocaíochta cíosa. Tá Comhairle Contae Lú ag súil go mbeidh a gcuntas cíosa ag gach tionónta gan riaráiste. Déantar monatóireacht ar na cuntais chíosa go léir agus spreagtar tionóntaí a bhfuil riaráistí cíosa acu chun bualadh leis an rannóg cíosanna chun an bealach is fearr chun an cheist a réiteach a phlé.

Tá freagrachtaí agus oibleagáidí na dtionóntaí leagtha amach sa Chomhaontú Tionóntachta agus soláthraítear tuilleadh faisnéise i Lámhleabhar na dTionóntaí. Ceanglaítear ar gach tionónta nua freastal ar oiliúint réamhthionóntachta nuair a shoiléirítear cearta, freagrachtaí, agus oibleagáidí na Comhairle. Eiseoidh Comhairle Contae Lú Rabhaidh Tionóntachta agus tionscnóidh imeachtaí díshealbhaithe, más gá, sa chás go bhfuil Comhaontuithe Tionóntachta á mbris arís agus arís eile.

Míchumas



Chomh maith le haonaid bhuana tithíochta sóisialta a leithdháileadh ar iarratasóirí ceadaithe ar fhorais míchumais faoin Straitéis Tithíochta Áitiúil do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022 – 2027, tá deontais ar fáil do theaghlaigh ar gá dóibh a réadmhaoin a oiriúnú chun freastal ar riachtanas an bhall teaghlaigh atá faoi mhíchumas.

